Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2019

Teicneolaíocht Dhigiteach

Aonad 2

Coincheapa Ceapadóireacht Dhigiteach

[GDG21]

GDG21

DÉARDAOIN 16 BEALTAINE, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.
Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** den **dá** cheist **déag**.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 120 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **6(h)**.

12282.02

32GDG2101

I gCeist 1 cuir an litir chuí sa spás chuige sin.

1 **(a)** Roghnaigh an ráiteas a chuireann síos i gceart ar cad é a chiallaíonn foclóir sonraí.

A Tábla ina bhfuil sonraí de na cineálacha comhaid a úsáidtear sa bhunachar sonraí

B Tábla ina bhfuil liosta de na ceannteidil réimse a úsáidtear sa bhunachar sonraí

C Tábla ina bhfuil liosta de na réada a cruthaíodh mar chuid den bhunachar sonraí

D Tábla ina bhfuil sonraí atá le hionchur sa bhunachar sonraí

Freagra _____ [1]

(b) Roghnaigh an liosta d'fhormáidí comhaid atá fóirsteanach le físchomhaid a dháileadh thar an idirlíon.

A mp4, png, avi, fla

B mp3, mp4, mov, avi

C avi, mp4, fla, mov

D mov, mp3, avi, flv

Freagra _____ [1]

(c) Roghnaigh an freagra thíos a mhíníonn i gceart an téarma "réimse cumaisc" mar a úsáidtear é le linn próiseas postchumaisc.

A Na sonraí i dtábla bunachar sonraí atá le cur isteach i litir phostchumaisc

B Ionadchoinneálaí i ndoiciméad cumasctha a aibhsíonn an áit ar cuireadh na sonraí isteach

C Na hainmneacha réimse i ndoiciméad déanta ar an phróiseálaí focal a thaispeánann an áit a bhfuil sonraí le cur isteach

D Míreanna sonraí atá stóráilte i ndoiciméad cumasctha déanta ar an phróiseálaí focal i ndiaidh postchumaisc

Freagra _____ [1]

(d) Cé acu ráiteas a dhéanann sainmhíniú ceart ar an téarma aonán?

A Ceannteideal a thugtar do mhír sonraí i mbunachar sonraí

B Duine amháin, réad amháin nó idirbheartaíocht amháin atá léirithe i mbunachar sonraí

C Cnaipe rialaithe atá léirithe i roghchlár i mbunachar sonraí

D Ainm a úsáidtear le tuairisc nua a shábháil i mbunachar sonraí

Freagra _____ [1]

(e) Cé acu ráiteas a chuireann síos i gceart ar chiall an téarma macra?

A Cineál sonraí atá sannta do chineálacha sonraí téacsbhunaithe i mbunachar sonraí

B Ríomhchlár beag a úsáidtear le tascanna atriallacha a uathoibriú i bhfeidhmchlár

C Deilbhín a úsáidtear leis an script a lainseáil a bhaineann le leathanach gréasáin idirghníomhach

D Uirlis deartha a úsáidtear le heagarthóireacht a dhéanamh ar eilimint ilmheán

Freagra _____ [1]

(f) Roghnaigh an rogha a dhéanann sainmhíniú ceart ar an téarma teimpléad.

A Tacar de threoracha céim ar chéim a thógfaidh forbróir trí chomhlánú taisc

B Píosa bogearraí nach féidir eagarthóireacht a dhéanamh air

C Leagan amach réamhshainithe de dhoiciméad ar féidir eagarthóireacht a dhéanamh air

D Feidhmchlár bogearraí a úsáidtear le feidhmchláir ilmheán a chruthú

Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

(g) Roghnaigh an rogha thíos ina bhfuil na clibeanna cearta tosaigh agus na clibeanna cearta deiridh a úsáidtear le cló trom a chur ar théacs i ndoiciméad HTML.

A

B <bold> <bold/>

C

D <bold> </bold>

Freagra _____ [1]

(h) Roghnaigh an ráiteas a chuireann síos i gceart ar dhóigh amháin ar féidir an chlib <head> a úsáid i ndoiciméid HTML.

A baintear úsáid as le teideal an leathanaigh gréasáin a thaispeáint sa bhrabhsálaí

B bíonn suíomh na bhfoinsí ilmheán a úsáidtear sa doiciméad ann

C taispeánann sé an chonair chuig an leathanach innéacs

D coinníonn sé mionsonraí na stíleanna breise a úsáidtear sa doiciméad

Freagra _____ [1]

(i) Na litreacha LGA (*ERD*), seasann siad do

A Léaráid de Ghaolmhaireacht Aonad

B Líonra de Ghiotáin na nAonán

C Líonra de Ghrafaicí Ardleibhéil

D Léaráid de Ghaoil na nAonán

Freagra _____ [1]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

2 Tá salón gruaige ag Doiminic agus stórálann sé sonraí i mbunachar sonraí faoina chliaint agus a gcuid coinní. Faoi láthair, stórálann an salón sonraí na gcoinní ag úsáid tábla. Tá cuid den tábla ar taispeáint thíos.

TBLCoinní

UimhCust	Ainm	Uimh Ghuth	Uimh FPóca	Dáta	Am	Cineál	AinmGruagaire
WAL 001	Bill Walker	02890234578	07791123451	21/03/2019	14.45	Bearradh	Siobhán
MAT001	Mary Waters	02897451232	07894561258	22/03/2019	15.45	Buantonn	Breandán
DUD001	Jamie Duddy	02894567894	07884512921	22/03/2019	16.45	Bearradh	Siobhán
WAL 001	Bill Walker	02890234578	07791123459	28/03/2019	14.45	Níochán	Siobhán
DUD001	Jamie Duddy	02894567894	07884512911	04/04/2019	12.15	Níochán	Breandán
DUD001	James Duddy	02894567894	07884512965	16/04/2019	13.15	Dathú	Máire
WAL 001	Bill Walker	02890234578	07791123458	24/04/2019	10.15	Bearradh	Siobhán

(a) Mínigh an téarma iomarcaíocht sonraí trí thagairt a dhéanamh don tábla thuas.

_____

_____ [2]

(b) **(i)** Sainmhínigh an téarma sláine sonraí.

_____ [1]

(ii) Ag úsáid an tábla thuas, luaigh sampla d'earráid iontrála sonraí a rinneadh nuair a bhí ainm custaiméara á iontráil.

_____ [1]

(c) Ba mhaith le Doiminic tuairisc a tháirgeadh ina liostaítear na coinní uilig idir (agus ag cuimsiú) an 7 Bealtaine 2019 agus an 11 Bealtaine 2019.

Cuir tic (✓) in aice leis na critéir chearta ba chóir dó a úsáid.

Critéir	**Tic** (✓)
<=7/5/2019 agus >=11/5/2019	
7/5/2019 agus 11/5/2019	
>=7/5/2019 agus <=11/5/2019	

[1]

(d) Cad é dó a seasann na litreacha TSI (*SQL*)?

_____ [1]

(e) Ba mhaith le Doiminic TBLCoinní a chuardach le gach coinne a bhí ag Breandán a aimsiú. Comhlánaigh an ráiteas SQL thíos le ligean do Dhoiminic gach ceann de choinní Bhreandáin ón tábla a taispeánadh roimhe seo a chur ar ais.

SELECT *

FROM _____ [1]

WHERE _____ [1] = "Breandán";

[Tiontaigh an leathanach

Bhain Doiminic úsáid as tuairisc bhunachar sonraí leis an admháil custaiméara atá ar taispeáint thíos a chruthú.

ADMHÁIL CUSTAIMÉARA

SÁRFHOLT
20 An tSráid Ard
BÉAL FEIRSTE
BT1 1DH

GUTHÁN 028 9023 2301

AINM Bill Walker

UimhCust WAL001

Dáta	Am	AinmGruagaire	Cineál	Costas
21/03/2019	10.15	Siobhán	Níochán	£10.00
21/03/2019	10.35	Siobhán	Bearradh	£15.00

Méid	£25.00
CBL (*VAT*)	£4.38
Móriomlán	£29.38

13 Aibreán 2018

Leathanach 1 de 1

Is réimse é Móriomlán atá ríofa ar an tuairisc.

(f) Cuir síos ar an dóigh a ndéantar Móriomlán a ríomh sa tuairisc.

_____

_____ [2]

3 **(a)** Cuir síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an fhréamhshamhaltú nuair a bhaintear úsáid as le feidhmchlár a fhorbairt.

Buntáiste 1

Buntáiste 2

[4]

(b) Cuir síos ar an dóigh a bhfuil an t-úsáideoir deiridh páirteach agus fréamhshamhail á forbairt d'fheidhmchlár.

[2]

[Tiontaigh an leathanach

4 Is cuid thábhachtach de chóras nua a fhorbairt í an tástáil.

(a) Mínigh na cuir chuige seo a leanas maidir le tástáil.

(i) Bosca Dubh

_____

_____

_____ [2]

(ii) Bosca Bán

_____

_____

_____ [2]

(b) Tá Adam ag scríobh plean tástála don tábla Cóireála seo a leanas. Ní mhaireann cóireálacha níos faide ná ceithre uair an chloig.

CACóireáil	CineálCóireála	Fad	Costas
TRT01	Dathú Iomlán	00:60	£23.75
TRT02	Stíliú in airde	00:45	£28.50
TRT03	Dathú Iomlán	01:30	£42.75
TRT04	Níochán agus Cóiriú	00:30	£9.98
TRT05	Bearradh agus Séidtriomú	00:60	£26.60
TRT06	Níochán agus Séidtriomú	00:30	£30.40

(i) Comhlánaigh an eangach thíos le sonraí tástála a chur san áireamh a tháirgfidh na torthaí ionchais nuair a dhéantar tástáil ar réimse an fhaid.

Uimhir thástála	Rud atá le tástáil	Fáth leis an tástáil	Sonraí tástála	Toradh ionchais
1	Réimse faid	Sonraí bailí	[1]	Ba chóir glacadh leis an luach.
2	Réimse faid	Sonraí neamhbhailí	[1]	Níor chóir glacadh leis an luach.
3	Réimse faid	Sonraí nialasacha	[1]	Spreagfar an t-úsáideoir le fad a chur isteach don choinne.

(ii) Sa tábla thíos, ticeáil (✓) an ráiteas atá ceart faoi thástáil córais.

Ráiteas	Tic (✓)
Déantar tástáil córais de réir mar atá na comhpháirteanna aonair á bhforbairt.	
Déantar tástáil córais nuair atá na comhpháirteanna aonair uilig forbartha.	

[1]

[Tiontaigh an leathanach

(c) Nuair a dhéantar córas nua a fhorbairt is féidir idir alfa-thástáil agus bhéite-thástáil a dhéanamh.

(i) Cuir tic (✓) taobh le **dhá** ráiteas atá fíor maidir le béite-thástáil.

Ráiteas	**Tic** (✓)
Déanta ag úsáid leaganacha saorthrialach den fheidhmchlár	
Is í an chéim dheiridh í i dtástáil an fheidhmchláir	
Déanann sé ionsamhlú ar an timpeallacht fíorshaoil a bhfuil an feidhmchlár le húsáid ann	
Is é an t-úsáideoir deiridh a dhéanann é	

[2]

(ii) Mínigh an dóigh a n-úsáidtear tástáil A/B le feidhmchláir a thástáil.

_____

_____

_____ [2]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

5 Iarradh ar Alice feidhmchlár ilmheáin siopadóireachta a dhearadh do ghnólacht bheag (*SuperheroGifts4U*). Díolfaidh an suíomh gréasáin greannáin agus bronntanais bunaithe ar shárlaochra.

Tá breac-chuntas ar léaráid struchtúr nascleanúna d'fheidhmchlár agus sreangshamhail don leathanach baile thíos.

Léaráid Struchtúr Nascleanúna



Sreangshamhail do Leathanach Baile



(a) Cuir síos ar an dóigh a ndéanfadh Alice tástáil éifeachtach ar gach ceann de na heilimintí seo a leanas den fheidhmchlár:

(i) Gailearaí íomhánna beo

_____

_____ [2]

(ii) Naisc chuig suíomhanna meáin shóisialta

_____

_____ [2]

(b) Cruthaíonn Alice an leathanach baile agus tástálann sí é. Tá an rud seo a leanas le feiceáil in áit lógó an chomhlachta.

Luaigh **dhá** fháth fhéideartha a dtiocfadh leis seo tarlú.

1. _____

2. _____ [2]

[Tiontaigh an leathanach

(c) Tá foirm cruthaithe le cuidiú le húsáideoirí íocaíochtaí a choinneáil slán ar líne agus rudaí á gceannach.

Baintear úsáid as eilimintí scriptithe leis an dáta éaga a bhailíochtú ar an fhoirm.

Dáta Éaga: dd / mm / yy

Sainaithin **dhá** dhóigh le heilimintí scriptithe a chomhtháthú i ndoiciméad HTML.

1. _____

2. _____ [2]

(d) Sainaithin **dhá** ghné idirghníomhacha bhreise a dtiocfadh le Alice iad cur leis an fheidhmchlár leis an eispéireas siopadóireachta a fheabhsú do chustaiméirí.

1. _____

2. _____ [2]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

6 Teicneolaíochtaí fón cliste, baineann siad úsáid as réimse de chomhéadain duine le ríomhaire lena n-áirítear GUIs, comhéadain teanga nádúrtha agus teicneolaíochtaí scáileán tadhaill.

(a) Sainaithin **aon** ghné **amháin** de GUI a dtig leis feidhmchlár a dhéanamh níos fusa a úsáid do:

Úsáideoir nach bhfuil taithí ar bith aige

_____ [1]

Úsáideoir a bhfuil taithí aige

_____ [1]

(b) Sainaithin **dhá** dhóigh a dtig le húsáideoir deiridh treoracha a ionchur i ngaireas le comhéadan teanga nádúrtha.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(c) Tá a lán feidhmeanna ag comhéadain teanga nádúrtha i ngairis teileachumarsáid mhóibíleach.

Luaigh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le comhéadan teanga nádúrtha a úsáid.

Buntáistí

1. _____

_____

2. _____

_____ [2]

Míbhuntáistí

1. _____

_____

2. _____

_____ [2]

(d) Sainaithin **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le scáileán tadhaill a úsáid mar ghléas ionchuir do ghairis teileachumarsáid mhóibíleach.

1. _____

_____

2. _____

_____ [2]

[Tiontaigh an leathanach

Roinnt feidhmchláir chluichíochta, úsáideann siad comhéadain rianaithe ghluaisne anois le tacú le hionchur úsáideora.

(e) Úsáid na focail liostaithe thíos leis na habairtí a chomhlánú ar chomhéadain rianaithe ghluaisne. (Ní bhainfear úsáid as gach aon fhocal)

infridhearg braiteoirí gluaiseacht

comharthaí digiteacha comharthaí fuaime

Bíonn comhéadain rianaithe ghluaisne ag tiontú _____

ina _____.

Roinnt feidhmchlár, bíonn córais rianaithe ghluaisne ionsuite ina gcuid

comhéadan. Níl aon mharcóirí nó _____ de dhíth.

Na córais seo, úsáideann siad ceamaraí _____ le

gluaiseacht a bhrath. [4]

(f) Liostaigh **dhá** dhóigh a bhfuil úsáid na teicneolaíochta rianaithe gluaisne ag cuidiú leis an chluichíocht a dhéanamh níos inrochtana do gach raon aoise.

1. _____

2. _____ [2]

Is fearr le forbróirí aipeanna a fhorbairt atá inrochtana do gach úsáideoir.

(g) Liostaigh **dhá** dhóigh a dtig le húsáideoir socruithe feidhmchláir a choigeartú lena inrochtaineacht a fheabhsú.

1. _____

2. _____ [2]

(h) Tá dalta ag forbairt aipe. Tabhair comhairle don dalta ar an dóigh le comhoiriúnacht trasardáin na haipe a fheabhsú.

Ba chóir go mbeadh tagairt d'úsáid na mbogearraí breiseáin agus na gcomhad PDF i do fhreagra.

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [6]

[Tiontaigh an leathanach

7 **(a)** Tá Alasdair ag forbairt cluiche ríomhaire. Ba mhaith leis go mbeadh an cluiche idirghníomhach agus go gcuirfeadh sé aiseolas ar fáil d'imreoirí an chluiche.

(i) Sainaithin **dhá** chineál aiseolais a dtiocfadh leis iad a chur isteach ina chluiche.

1. _____

2. _____ [2]

(ii) Sainaithin **dhá** bhuntáiste d'idirghníomhaíocht agus ilmheáin a chur isteach i gcluiche ríomhaire.

1. _____

2. _____ [2]

(iii) Sainaithin **dhá** mhíbhuntáiste d'idirghníomhaíocht agus ilmheáin a chur isteach i gcluiche ríomhaire.

1. _____

2. _____ [2]

Sula dtig le hAlasdair an cluiche a fhorbairt, caithfidh sé an spriocghrúpa a shainaithint.

(b) Cad é a chiallaíonn an téarma spriocghrúpa?

_____ [1]

8 Tá a lán gnéithe idirghníomhacha agus ilmheán i bhfeidhmchláir na meán sóisialta.

(a) Sainaithin **dhá** ghné idirghníomhacha agus ilmheán a úsáidtear le húsáid na bhfeidhmchlár meán sóisialta a dhéanamh níos sultmhaire don úsáideoir deiridh.

1. _____

_____

2. _____

_____ [2]

(b) Sainaithin **dhá** dhóigh a dtig le fadhbanna a bheith ann don úsáideoir deiridh mar gheall ar úsáid na n-ilmheán idirghníomhach i bhfeidhmchláir na meán sóisialta.

1. _____

_____

2. _____

_____ [2]

[Tiontaigh an leathanach

9 Tá Seán ag cruthú suíomh gréasáin dá mheasúnú rialaithe don Teicneolaíocht Dhigiteach.

(a) Mínigh cad é mar a bhainfeadh Seán úsáid as hipirtéacs agus a shuíomh gréasáin á chruthú aige.

_____

_____ [2]

(b) Sainaithin **aon** bhuntáiste **amháin** a bhaineann le fillteáin a úsáid le hinneachar shuíomh gréasáin Sheáin a eagrú agus é á chruthú.

_____ [1]

(c) Liostaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le feidhmchlár ceapadóireachta ilmheán a úsáid le feidhmchlár HTML a chruthú.

1. _____

2. _____

3. _____ [3]

10 Is é HTML an teanga a úsáidtear le cruthú leathanaigh ghréasáin a chumasú.

(a) Liostaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le HTML a úsáid le leathanach gréasáin a chruthú.

1. _____

2. _____ [2]

(b) Luaigh feidhm na gclibeanna HTML seo a leanas.

(i) <title> </title>

_____

_____

(ii)

_____

_____

(iii)

_____

_____ [3]

[Tiontaigh an leathanach

An HTML atá taispeánta thíos, tógadh é ón eagarthóir cóid agus baineadh úsáid as le leathanach gréasáin a chruthú faoi phiongainí.

(c) Bain úsáid as an chód HTML atá taispeánta thíos leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

```
1 <!DOCTYPE html >
2 <head>
3
4 </head>
5
6 <body>
7
8 <H1>Facts about Penguins</H1>
9 <p><a href="http://www.penguins-world.com">
10 <img alt="Penguin" class="auto-style1" height="600" src="Images/penguin.jpg" width="563" /></a>  </p>
11
12 <table class="auto-style1" style="width: 100%">
13     <tr>
14         <td class="auto-style2" style="width: 201px">Fact Number</td>
15         <td class="auto-style2">Details</td>
16     </tr>
17     <tr>
18         <td class="auto-style2" style="width: 201px">1</td>
19         <td class="auto-style2">Penguins are flightless birds</td>
20     </tr>
21     <tr>
22         <td class="auto-style2" style="width: 201px">2</td>
23         <td class="auto-style2">Penguins do not have teeth</td>
24     </tr>
25     <tr>
26         <td class="auto-style2" style="width: 201px">3</td>
27         <td class="auto-style2">Penguins huddle together to stay warm</td>
28     </tr>
29     <tr>
30         <td class="auto-style2" style="width: 201px">4</td>
31         <td class="auto-style2">Male penguins keep the eggs warm</td>
32     </tr>
33 </table>
34 <p>There are 17 different penguin species.<br> In this site we will look at:-</p>
35 <ul>
36     <li>African Penguin</li>
37     <li>Chinstrap Penguin</li>
38     <li>Emperor Penguin</li>
39     <li>Gentoo Penguin</li>
40     <li>Adelie Penguin</li>
41 </ul>
42
43 </body>
44
45 </html>
46
```

(i) Scrúdaigh an cód agus luaigh cé acu atá na ráitis sa tábla thíos FÍOR nó BRÉAGACH.

Ráiteas	FÍOR / BRÉAGACH
Tá tábla sa leathanach gréasáin le 2 ró agus 5 cholún	
Líonfaidh an tábla leithead iomlán na fuinneoige brabhsálaí a bhfuil sé á thaispeáint ann	
Tá an ceannteideal “Fíricí faoi Phiongainí” á thaispeáint sa stíl cheannteidil is mó	
Tá liosta ordaithe de 5 mhír sa tsuíomh gréasáin	

[4]

(ii) Mínigh an dóigh a rachaidh an chlib <br> ar líne 34 i bhfeidhm ar an dóigh a bhfuil an téacs ar taispeáint.

_____

_____ [1]

(iii) Luaigh cad é a tharlóidh má rollann úsáideoir luchóg thar an íomhá atá stóráiltear mar “penguin.jpg” nuair a fheictear an leathanach i mbrabhsálaí. (Féach líne 10 den chód.)

_____

_____ [1]

(iv) Luaigh cad chuige a bhfuil líne 45 aibhsithe ag an phacáiste ceapadóireachta.

_____

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

Tá scriptiú á úsáid ag Emma le gnéithe idirghníomhacha a chur le suíomh gréasáin nua.

(d) Baineann sí úsáid as na ráitis *FOR*, *WHILE* agus *ELSE … IF* ina cuid *Javascript*. Luaigh cé acu atá gach ráiteas, sa tábla thíos, ina shampla de ráiteas Atrialla nó de ráiteas Roghnaithe.

Ráiteas	**Atriall / Roghnú**
WHILE	
ELSE…IF	
FOR	

[3]

11 Is céim thábhachtach í luacháil i bhforbairt córais.

(a) Liostaigh **dhá** aidhm den phróiseas luachála.

1. _____

2. _____ [2]

(b) Sainaithin **dhá** dhuine aonair ar chóir iad a bheith páirteach sa phróiseas luachála.

1. _____

2. _____ [2]

(c) Mínigh an dóigh a dtig leis na rudaí seo a leanas cuidiú leis an phróiseas luachála.

(i) Riachtanais úsáideora

_____

_____ [2]

(ii) Torthaí a thástáil

_____

_____ [2]

(iii) Doiciméid deartha

_____

_____ [2]

[Tiontaigh an leathanach

12 Bain úsáid as na téarmaí sa liosta thíos le haon téarma amháin a roghnú is fearr a mheaitseálann an sainmhíniú sa cholún ar thaobh na láimhe clé (ní bhainfear úsáid as gach téarma).

Amharc ar leagan amach Beochan Eochair iasachta

Eochair ilchodach Comhbhrú Fuinneog

Faoi thiomáint teagmhais Deilbhín Pointeoir

Paraiméadar Seicheamhú

Sainmhíniú	Téarma
Siombail ar scáileán a rianaíonn gníomhuithe a dhéanann úsáideoir le gléas ionchuir	
Limistéar ar scáileán ag taispeáint gníomhuithe atá á ndéanamh ag feidhmchlár	
Sonraí nach bhfuil de dhíth a bhaint le tacú le hoptamú comhad	
Cineál iarratais bunachar sonraí ina ndéanann an t-úsáideoir deiridh na critéir chuardaigh a ionchur gach uair a ritear an t-iarratas	
Réimse in aon tábla amháin atá ag tagairt don eochair-réimse i dtábla eile	
Íomhá ar an scáileán a úsáidtear le seasamh d'aicearra chuig uirlis nó chuig feidhmchlár	
Sraith íomhánna atá seinnte ceann i ndiaidh a chéile le cosúlacht na gluaiseachta a chruthú	

[7]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12282.02

32GDG2131

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

248083